Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**13962/19**

**ECOFIN 982**
**STATIS 66**
**UEM 340**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staidreamh an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN 2019 maidir le staidreamh an Aontais (8 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3725ú cruinniú a bhí aici, ar an 8 Samhain 2019 sa Bhruiséil.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

## Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh

***Cruinniú den Chomhairle GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA agus AIRGEADAIS***

***An Bhruiséil, 8 Samhain 2019***

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

"I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ó Chomhairle ECOFIN mhí na Samhna 2018 maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na treoirlínte polaitiúla don Choimisiún nua sna blianta 2019-2024, agus go háirithe na riachtanais staidrimh is bun leis an rialachas eacnamaíoch, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, agus don staidreamh struchtúrach.

### A bhfuil ag tarlú go príomha maidir le staidreamh oifigiúil an Aontais Eorpaigh

CUIREANN an Chomhairle CHUN SUNTAIS nach mór a áirithiú gur leordhóthanach na hacmhainní daonna agus airgeadais don infheistíocht sa bhonneagar staidrimh agus do chothabháil an bhonneagair sin, ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, le go mbeidh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) in ann staidreamh rialta, ardcháilíochta, oifigiúil a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil i gcomhthéacs na ndúshlán a eascraíonn as an domhandú agus as an ascnamh teicneolaíoch agus, ina theannta sin, as riachtanais mearathraitheacha sonraí. MEABHRAÍTEAR don Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an ualach a bhíonn ar fhreagróirí a íoslaghdú agus an gá atá le héilimh nua staidrimh a réiteach le gnóthachan éifeachtúlachta agus beartú tosaíochta éifeachtach.

TUIGEANN an Chomhairle tábhacht na hoibre ar staidreamh imirce agus staidreamh déimeagrafach, agus a bhfuil ag tarlú sna réimsí seo: an fhostaíocht, an digiteáil, an tAontas Fuinneamh, an t-athrú aeráide, an comhshaol, an fhorbairt inbhuanaithe, an infheistíocht ghlas, an taighde agus an fhorbairt, an nuálaíocht, an t-oideachas, an tsláinte, an chosaint shóisialta, an cuimsiú sóisialta agus an bhochtaineacht.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle tionscnaimh CSE chun leas a bhaint as foinsí nua sonraí agus as teicneolaíochtaí nua agus chun modhanna nuálacha a cheapadh chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus níos mionsonraithe a tháirgeadh níos gasta.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí imscrúdaithe atá á ndéanamh maidir le hinfhaighteacht sonraí agus maidir leis an bhféidearthacht staidreamh a sholáthar don Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint, agus MOLANN sí do Eurostat an t-athrú aeráide a phríomhshruthú i réimsí ábhartha uile an staidrimh.

MOLANN an Chomhairle do Eurostat leanúint den fhaireachán ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an faireachán sin a fheabhsú freisin.

AITHNÍONN an Chomhairle an obair leanúnach atá á déanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme lena gcuimsítear na ceanglais maidir le sonraí mionsonraithe, maidir leis na sainmhínithe ar athróga staidrimh agus maidir le sonraíochtaí teicniúla breise, i bhfianaise an chomhaontaithe pholaitiúil faoin gCreat-Rialachán maidir le Comhtháthú Staidrimh Gnó (FRIBS) agus ghlacadh an Rialacháin Réime Eorpaigh Chomhtháite maidir le Staidreamh Sóisialta.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle, i gcomhthéacs an phlé atá ar siúl faoina bhfuil i ndán do AEA, go ndéanfaidh staitisteoirí Eorpacha meastóireacht go leanúnach ar na riachtanais ábhartha staidrimh a thiocfaidh chun cinn, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus CUIREANN SÍ BÉIM ar an ról tábhachtach atá ag na príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha.

**Tuarascáil Stádais 2019 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

TUGANN AN CHOMHAIRLE DÁ hAIRE an méid a bhfuil cur síos air sa Tuarascáil Stádais 2019 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

> IS MÓR AICI an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le cuimsiú tíortha, tráthúlacht, fad na n-amshraitheanna, agus cáilíocht fhoriomlán na bpríomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha agus IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh na dtobmheastachán fostaíochta don Aontas agus don limistéar euro atá á gcur ar fáil ó mhí na Samhna 2018 i leith.
>
> AITHNÍONN SÍ na feabhsuithe breise ar roinnt príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha maidir le líon na dtíortha a chuimsítear iontu agus ar infhaighteacht an staidrimh ráithiúil airgeadais rialtais, a bhíonn thar a bheith maith go hiondúil.

IS MÓR AICI na feabhsuithe sin agus tá sí ag súil le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí arb ann dóibh fós a líonadh, IS DÍOL SÁSAIMH DI an feabhas suntasach ar infhaighteacht shonraí CCE 2010 agus an dul chun cinn i dtaca le maoluithe CCE 2010, agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint den obair d'fhonn táscaire do dhíolacháin ráithiúil tithe a cheapadh.

**Staidreamh réadmhaoine chun críocha macrastuamachta agus eile**

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS an spéis ghinearálta atá ag institiúidí poiblí, lucht ceaptha beartas, infheisteoirí margaidh, agus go sonrach, anailísithe cobhsaíochta agus maoirseoirí airgeadais i dtáscairí praghsanna maoine tráchtála, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI obair Eurostat i dtáirgeadh an staidrimh is gá.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na tionscnaimh éagsúla a rinne an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) agus an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le coincheapa a fhorbairt maidir le táscairí airgeadais réadmhaoine. MOLANN an Chomhairle do CSE agus CEBC araon an tábhacht agus an phráinn is gá a thabhairt don tsaincheist seo.

AITHNÍONN an Chomhairle go mbailítear go rialta agus go deonach na táscairí a bhíonn ar fáil do dhíolacháin tithe ráithiúla agus bliantúla. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an fhaisnéis atá ar fáil dóibh a sholáthar mura bhfuil sin déanta go fóill acu.

**Staidreamh airgeadais rialtais agus staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach**

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS an méid seo: saothar an Choimisiúin chun seirbhís staidrimh ar ardcháilíocht sa réimse sin a bhaineann le staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcacha (NIEI) a sholáthar, agus staidreamh foluiteach airgeadais rialtais na mBallstát, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha an Chomhphobail, d'fhonn iad a chur chun feidhme agus a fhorbairt chomh maith leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus Plean Infheistíochta an Choimisiúin don Eoraip. IARRANN an Chomhairle ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faoi bhráid Eurostat gach sonra staidrimh is gá d'fhonn tagarmharc caiteachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sonraí i dtaca le hioncam rialtais ó chistí an Aontais. MOLANN an Chomhairle do Eurostat leanúint de shoiléiriú a dhéanamh go luath ar na rialacha staidrimh is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí i réimsí na forbartha inbhuanaithe agus an digitithe chomh maith.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn maidir le hathruithe modheolaíochta a thabhairt isteach agus MOLANN SÍ tuilleadh athruithe a thabhairt isteach ar bhealach struchtúraithe sceidealaithe dúthrachtach. Thairis sin, IS DÍOL SÁSAIMH di an dul chun cinn a rinneadh chun na nósanna imeachta maidir le treoir mhodheolaíochta a thabhairt i gcrích. Agus é á athdhearbhú aici nach mór do na geallsealbhóirí uile na rialacha ábhartha a urramú, MEABHRAÍTEAR don Chomhairle a riachtanaí atá sé aird chuí a thabhairt ar shrianta ama agus acmhainne na mBallstát maidir le cur chun feidhme na treorach agus maidir le pointí le haghaidh gníomhaíochta a d'eascair as cuairteanna idirphlé maidir le NIEI. Tugann an Chomhairle DÁ hAIRE gur foilsíodh eagrán 2019 den lámhleabhar maidir le heasnamh iomarcach agus fiachais rialtais agus an lámhleabhar nua maidir le haicmiú fheidhmeanna an Rialtais.

**Staidreamh faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (NIMM)**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le dearbhú cáilíochta an staidrimh is bonn do NIMM, agus AITHNÍONN SÍ na bearta a rinne Eurostat agus Ard-Stiúrthóireacht Staidrimh BCE d'fhonn an Meabhrán Tuisceana a chur chun feidhme.

IS MÓR ag an gComhairle tuarascáil mheasúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn do NIMM ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti.

CUIREANN an Chomhairle CHUN SUNTAIS na rannchuidithe a rinne an pobal staidrimh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, maidir leis an staidreamh is ábhartha do NIMM, agus AITHNÍONN SÍ gur gá tacú agus leanúint leis an obair chun staidreamh iontaofa inchomparáide a chur ar fáil ag gach céim de NIMM.

**Staidreamh sóisialta**

IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le nuachóiriú an staidrimh shóisialta, go háirithe an t-ionchur sa Scórchlár Sóisialta do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, trí shonraí a chur ar fáil maidir le réimse leathan táscairí. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le tabhairt chun críche an phlean maidir leis an staidreamh daonra a nuachóiriú.

MOLANN SÍ do Eurostat staidreamh turgnamhach breise a cheapadh, lena n-áirítear tuar reatha na dtáscairí sóisialta, rud a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na comhaontuithe ar an rialachán maidir le bealaí nua comhtháite chun sonraí ó shuirbhéanna sóisialta a bhailiú agus a úsáid d'fhonn tacaíocht níos fearr a thabhairt do cheapadh beartas i gcoitinne agus do cheapadh beartas sóisialta go háirithe, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na feabhsuithe atá beartaithe do Shuirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair agus do Staidreamh an Aontais maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála agus an nuachóiriú atá beartaithe dóibh sin ó 2021 faoin rialachán comhtháite Eorpach maidir le staidreamh sóisialta.

**Dearbhú cáilíochta aschur CCE 2010**

AITHNÍONN an Chomhairle gur mar chomhlánú ar an obair maidir le comhlíonadh agus sonraí bailíochtaithe a thug Eurostat isteach creat d'fhonn feabhas a chur ar an meastóireacht ardcháilíochta, agus go ndearnadh dul chun cinn suntasach le bliain anuas.

**An Domhandú**

AITHNÍONN an Chomhairle an obair a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhandaithe don staidreamh, lena n-áirítear a ndearnadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúr agus ar ghníomhaíochtaí na bhfiontar ilnáisiúnta agus an struchtúr agus na gníomhaíochtaí sin a thomhas, agus chun athstruchtúrú a shainaithint.

MOLANN SÍ do CSE agus CEBC a bheith ag comhoibriú ar shaincheisteanna i ndáil leis an domhandú chun sonraí iontaofa comhsheasmhacha cruinne a chothú i staidreamh airgeadais agus i staidreamh neamhairgeadais araon. TACAÍONN an Chomhairle le tionscnaimh darb aidhm srianta neamhriachtanacha a shárú maidir le comhroinnt na faisnéise ábhartha idir tiomsaitheoirí staitistiúla.

**Cuntasaíocht na hearnála poiblí**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an obair theicniúil atá á déanamh ar Chaighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí, agus AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa réimse sin agus a tuairiscíodh sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin.